| Matamaitic | Meitheal Forbartha, Cruinniú #13: 13 Samhain 2025<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Miontuairiscí, Rialachas** | Atheagarthóireacht le déanamh ar dhréacht-mhiontuairiscí agus ar chur síos gairid chruinniú 12 na Meithle Forbartha chun léiriú níos fearr a thabhairt ar phlé an chruinnithe.<br>Níor cuireadh aon choimhlint leasa in iúl. |
| **An Nuacht is Déanaí** | Athraíodh ainmní Chumann Oidí Matamaitice na hÉireann sa ghrúpa. Gabhadh buíochas leis an ainmní atá ag dul as an ról as an méid a rinne siad agus fáiltíodh an t-ainmní nua chuig an ngrúpa. |
| **Plé ar Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis (CBM): Bunús a leagan amach do mholadh do BSC maidir le cás na Meithle Forbartha do na CBManna** | Caitheadh an cruinniú ar fad i mbun plé faoin CMB. Rinneadh athbhreithniú ar na dréachtábhair chun cabhrú leis an bplé.<br><br>Aontaíodh an méid seo a leanas:<br><br>○ Go dteastaíonn CBM a bhfuil dhá chuid i gceist léi don ábhar seo<br>○ Go bhfuil briseadh síos maidir le hualú gach coda le socrú Go gcuirfear an dá chuid i gcrích ar an lá céanna i dtreo dheireadh na cúigiú bliana: chun úsáid mhíchuí IS a laghdú ar lámh amháin, agus ar an lámh eile de bharr go meastar timpeallacht rialaithe a bheith níos cothroime<br>○ Tá comhaontú forleathan ann maidir leis na torthaí foghlama atá le measúnú, agus tá gá le beachtú. |
| **Na chéad chéimeanna eile** | Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as a rannpháirtíocht<br>ghníomhach leis an gcruinniú. Iarradh ar an Meitheal Forbartha aiseolas a thabhairt laistigh d'achar réasúnach ama roimh na chéad chruinnithe eile ar theimpléad maidir leis an tsonraíocht reatha.<br><br>**Na Chéad Chruinnithe eile: Dé Luain, 8 Nollaig agus Dé Máirt, 9 Nollaig** |